**DRÉACHT-FHODHLÍTHE UM RIALÚ REILIGÍ I GCO. MHAIGH EO CHUN FODHLÍTHE UM RIALÚ REILIGÍ I GCONTAE MHAIGH EO A LEASÚ**

Tugtar fógra leis seo go bhfuil Dréacht-Fhodhlíthe um Rialú Reiligí i gContae Mhaigh Eo ullmhaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo de réir Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, chun an bealach a réiteach do chóras ceadaithe a thabhairt isteach i ndáil le tógáil leac uaighe. Tá foráil sna fodhlíthe seo le haghaidh fógraí muirear seasta.

Tá cóipeanna de na fodhlíthe seo ar fáil ón Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh, nó is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh idirlín na Comhairle, www.cocomhaigheo.ie.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh i dtaobh na ndréacht-fhodhlíthe ach iad a chur i scríbhinn agus a chur faoi bhráid an té thíosluaite faoi dhúnadh na hoifige ag **5 i.n. ar an 12 Iúil 2017.**

Cuirfidh an Chomhairle aon aighneachtaí faighte san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu faoi pé acu na fodhlíthe a leasú nó gan iad a leasú sula gcuirtear i bhfeidhm iad, agus cinnfear an dáta ar a dtiocfaidh aon fhodhlíthe i bhfeidhm.

**Martin Keating,**
**Ceann Comhshaoil,**
**Athrú Aeráide & Talmhaíochta**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo,**
**An Meal,**
**Caisleán an Bharraigh,**
**Co. Mhaigh Eo.**